

Ceannaire Rialála – Oifigeach Sinsearach Foirne - Grád 6 An Oifig Rialála

Cúlra

I mBealtaine 2010 a bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta chun dul i mbun oibre le hÚdaráis Áitiúla, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tacú leo chun tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

I mí Feabhra 2014, bronnadh an fhreagracht maidir le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) a rialú ar an nGníomhaireacht Tithíochta. Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad AHBanna (*Cumainn agus Comharchumainn Tithíochta mar shampla*) a chuireann tithíocht shóisialta ar cíós ar fáil agus a dhéanann iad a bhainistiú. Tá os cionn 550 AHB in Éirinn le níos mó ná 30,000 teach.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta Oifig Rialála chun rialú na hearnála a bhainistiú agus tuairiscíonn sí do Choiste Rialála eatramhach a cheapann an tAire. Tá rialáil na hearnála bunaithe faoi láthair ar [Chód um Rialáil Dheonach do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe in Éirinn](#), agus tá trí Phríomhchaighdeán mar bhun agus mar thaca aige: [An Caighdeán Airgeadais agus Creat Measúnaithe](#), [An Caighdeán Measúnaithe agus Creat Measúnaithe](#) agus [An Caighdeán Feidhmíochta agus Creat Measúnaithe](#).

Tá an Cód Rialála Deonaí (An Cód), Caighdeán Airgeadais, Caighdeán Rialachais agus Caighdeán Feidhmíochta, ina réamhtheachtaí ag rialachán reachtúil. Síníodh [Acht na dTithe \(Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil\), 2019](#) ina dhlí an 23 Nollaig, 2019, fógrófar an sceideal tosaithe i dtráth cuí. Leis an Act nua beifear ábalta Údarás Rialála Chomhlachtaí Tithíochta Faofa a bhunú.

Is é príomhchuspóir na hOifige Rialála sócmhainní AHB a chosaint agus leasa tionóntaí reatha agus tionóntaí amach anseo a chosaint. Déantar é seo trí earnáil AHB atá dea-rialaithe, dea-bhainistithe agus inmharthana ó thaobh airgeadais a rialú.

Feidhmíonn an Oifig Rialála le bunluachanna an neamhspleáchais, muiníne, cothroime agus macántachta. Tá na luachanna seo mar bhonn agus mar thaca i leith chuspóirí na hOifige, chun:

- Muinín a thabhairt do thionóntaí, do Bhoird, don Rialtas agus d'infheisteoirí féideartha go bhfuil an earnáil cobhsaí agus dea-rialaithe
- Tionóntaí agus infheistíocht phoiblí a chosaint san earnáil

- Dea-rialachas agus sláinte airgeadais a fheabhsú agus a spreagadh ar fud na hearnála
- Creat a chur ar fáil d'AHBanna chun riosca a bhainistiú go héifeachtach agus chun díriú ar na torthaí is fearr a bhaint amach do thionóntaí

Leanann an Oifig Rialála de phrionsabail na rialála a leabú ar fud na hearnála AHB agus an Creat Rialála a chur ar aghaidh mar ullmhúchán do rialachán reachtúil. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin Oifig Rialála agus faoin ról atá aici ag <http://www.housing.ie/regulation>

Tá iarratais á lorg don phost mar Cheannaire Rialála– Oifigeach Sinsearach Foirne - Grád 6 in Oifig Rialála na Gníomhaireachta Tithíochta. ***Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ag aistriú chuig Údarás Rialála Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaíthe nua nuair a bheidh sé bunaithe.***

Príomhdualgais

- Freagrach as príomhfheidhmeanna rialála a sheachadadh agus a chur chun cinn
- Polasaithe agus nósanna imeachta maidir leis an iliomad réimse d'fheidhmeanna rialála a chur i bhfeidhm.
- Bainistíocht agus úinéireacht ar phríomhréimsí de na feidhmeanna Rialála
- Clár Reachtúil AHB agus creat clárúcháin a chur i bhfeidhm.
- Cáipéisíocht a bhaineann le príomhpholasaithe agus príomhnósanna imeachta a chur in oiriúint, a fhorbairt agus a fhoilsiú
- Caighdeáin Rialála a fhorbairt agus a chur ar fáil de réir na reachtaíochta
- A chinntiú go mbeidh faisnéis sheasmhach, chuimsitheach, chruinn agus thráthúil ar fáil go héasca agus go réidh i ndáil le sna príomhréimsí rialála.
- Maoirsiú a dhéanamh ar phríomhthionscadail lena seachadadh ag an gComhlacht Rialála Reachtúil
- Tuairisciú ar mheasúnú rialála a thabhairt chun críche
- Dearbhú cáilíochta i ndáil le Clár Reachtúil AHB agus comhlíonadh
- Doiciméid bheartais i ndáil le Clárúchán agus Caighdeáin a fhorbairt, a chothabháil agus a nuashonrú
- Tuarascálacha agus cuir i láthair a fhorbairt lena n-áirítear dul chun cinn ráithiúil
- Oibriú le baill shinsearacha foirne agus le páirtithe leasmhara chun míreanna gníomhaíochta a aithint, moltaí a fhorbairt agus réitigh a aimsiú
- Riarachán ginearálta agus bainistíocht taifead
- Aon dualgais eile, faoi mar a shanntar iad ó am go chéile.

Taithí

- Taithí ábhartha a bhaineann le rialáil, clárúchán agus/nó comhlíontacht
- An cumas dul i gcion ar fhoirne tras-fheidhmeacha agus bainistíocht shinsearach sa ngó

- Ardscileanna cumarsáide scríofa agus ó bhéal agus taithí ar chumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Taithí, eolas agus tuiscint ar mhaoirsiú rialachais a chur i bhfeidhm
- Taithí ar éilimh chontráilte a bhainistiú agus freagairt do spriocanna ama diana i gcásanna nach bhfuil na tascanna tuartha nó nach bhfuiltear ábalta iad a thuar
- Taithí mhaith ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a bhainistiú
- Tuiscint mhór agus shoiléir ar bheartas reatha an rialtais i ndáil lena rialáil

Critéir Inmhianaithe

Beidh buntáiste ag an té a bhfuil Céim (Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) aige nó a bhfuil taithí chomhionann aige i réimse ábhartha ar nós rialáil, comhlíonadh, rialachas, bainistiú riosca, san earnáil charthanachta nó i ndisciplíní dearbhaithe.

Inniúlachtaí

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Caidrimh le comhghleacaithe agus príomhpháirtithe leasmhara a fhorbairt agus a chothabháil.
- Léiríonn cinnteacht i dtaobh tionscadal agus faigheann tacaíocht tríd an eolas cuí a bhaineann le tionscadal a leagan amach agus na buntáistí a bhaineann leis a chur chun cinn.
- Eolas a chur i láthair go soiléir, go beacht agus go muiníneach ó bhéal agus i scríobh.

Torthaí a Bhainistiú & a Bhaint Amach

- Bainistiú rathúil a dhéanamh ar réimse leathan tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre ag an am céanna.
- Leagan amach agus eagar éifeachtach a dhéanamh ar a chuid oibre féin agus obair daoine eile.
- Réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh a aithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla maidir lena bhfeidhmiú a fhorbairt.

Breithiúnas, Anailís & Cinnteoireacht

- Faisnéis a bhailiú ó fhoinsí cuí, cibé más faisnéis airgeadais, uimhriúil nó faisnéis éigin eile atá i gceist agus anailís a dhéanamh uirthi, agus a bheith in ann réimse fachtóirí criticiúla a thuiscint.
- Saincheisteanna, cláir, íogaireachtaí níos leithne agus impleachtaí bainteacha a ghlacadh san áireamh nuair atá cinní á ndéanamh.
- Réitigh a chur chun cinn chun dul i ngleic le fadhbanna.

Saineolas

- Leibhéal ard cumais agus taithí ar Chreataí Rialachais, Comhlíontachta, Dearbhaithe agus Rialála

- Taithí ag obair san eanáil Rialála nó Comhlíontachta

Dáta Deiridh chun Iarratas a Fháil: Déardaoin, an 5 Samhain 2020 ag 12 meán lae

Scála Tuarastail: Oifigeach Sinsearach Foirne - Grád 6 (Scála Tuarastail Údarás Áitiúil)

€48,540 – €49,711 – €51,124 – €53,780 – €55,365

LSI 1 - €57,337

LSI 2 - €59,320

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála de réir bheartas an rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar fónamh tú díreach roimh an gceapachán.

Nós Imeachta Iarratais

1. Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
2. Ba cheart na hiarratais a bheith clóscríofa agus a chur ar aghaidh i bhfoirm PDF ar ríomhphost chuig recruitment@housingagency.ie.
3. Ní mór d'iarratasóirí a leanas a chur ar fáil:
 - a. Litir chumhdaigh ina bhfuil cur síos ar a n-oiriúnacht don phost
 - b. foirm iarratais Gníomhaireachta Tithíochta chomhlánaithe
4. Ní dhéanfar iarratais neamhiomlána a mheas don ghearrliosta.
5. Cuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear
6. Ní ghlacfar le hiarratais in imthosca ar bith tar éis an spriocdháta.
7. Dícháileofar iarratas go huathoibríoch má dhéanann an t-iarratasóir canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil thar ceann an iarratasóra.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht, dá lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe seo sa chás nach nglacann an duine a moladh don cheapachán an post nó, sa chás go nglacann an duine leis an bpost, go scarann sé/sí leis nó sa chás go dtagann folúntas eile chun cinn.